# Topaic 4: An Teach agus Lóistín

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:*

4.1 ~ na príomhsheomraí sa teach a ainmniú
4.2 ~ ceist a chur cé mhéad seomra codlata atá sa teach agus an cheist sin a fhreagairt
4.3 ~ baill troscáin agus trealaimh a ainmniú
4.4 ~ eolas faoi lóistín a lorg agus a thabhairt
4.5 ~ eolas faoi chíos a lorg agus a thabhairt
4.6 ~ tuairimí faoi theach/lóistín a lorg agus a thabhairt
4.7 ~ ceist a chur cá bhfuil seomra áirithe agus an cheist sin a fhreagairt

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- An t-alt agus an t-ainmfhocal: ***an tábla, an chathaoir***
- Ag comhaireamh rudaí: ***dhá sheomra, trí sheomra***
- Na horduimhreacha (1-10): ***an chéad doras***
- ***Ceann: ceann amháin, dhá cheann, trí cinn…***

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Seomraí: ***an seomra suí, an seomra codlata, an halla, an chistin, an seomra folctha, an leithreas***
Troscán agus trealamh: ***tábla, cathaoir/cathaoireacha, tolg, leaba, cuisneoir, sorn, teach, árasán, teach dhá stór, doras, fuinneog, thuas staighre, thíos staighre***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | Na príomhsheomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a ainmniú. Treoracha a lorg laistigh den teach.<br>A rá cén cineál lóistín atá aige/aici féin agus ag tabhairt eolais an-simplí faoin lóistín sin. |
| Cluastuiscint | Ceisteanna simplí faoina bhfuil sa teach a thuiscint. Cur síos simplí a bhaineann leis an teach a thuiscint. |
| Léamhthuiscint | Ainmneacha na seomraí agus cuid de na rudaí atá le fáil i dteach a aithint. Comhrá simplí scríofa ar an ábhar seo a léamh. |
| Scríbhneoireacht | Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a scríobh síos. Cuntas an-simplí a scríobh faoin chineál lóistín atá acu féin. |

© OÉ Má Nuad

## 4.1 Na príomhsheomraí sa teach a ainmniú

**(A)** ***Réamhullmhúchán:***
Déan cóip de **Bhileog 4.1 (B): Seomraí an tí** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus déan athrá ar na focail seo a leanas.

*an chistin* | *an seomra folctha*
*an seomra suí* | *an leithreas*
*an seomra codlata* | *teach dhá stór*
*an halla* | *thuas staighre*
*an seomra bia* | *thíos staighre*

**(B) Gníomhaíocht: Cluastuiscint: Plean Tí**

- Abair leis an rang go gcloisfidh siad duine ar an dlúthdhiosca ag déanamh cur síos ar a theach.
- Iarr ar an rang éisteacht leis na treoracha a chloisfidh siad agus an teach a tharraingt ar phíosa páipéir. Iarr orthu chomh maith ainm a chur ar na seomraí.
- Nuair a bheidh an teach tarraingthe acu, iarr ar fhoghlaimeoir amháin cur síos a dhéanamh ar an teach a tharraing sé/sí. Cabhraigh leo leis an litriú agus le fuaimniú na bhfocal.

## 4.2 Ceist a chur cé mhéad seomra codlata atá sa teach agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Múin an cheist seo a leanas dóibh:

*Cé mhéad seomra atá sa teach/ann?*

- Léirigh dóibh an bealach a ndéantar rudaí a chomhaireamh i nGaeilge. Is féidir leat é seo a chur ar thréshoilseán roimh ré.

| *1* | *2-6* | *7-10* |
|---|---|---|
| seomra amháin | dhá sheomra<br>trí sheomra<br>ceithre sheomra<br>cúig sheomra<br>sé sheomra | seacht seomra<br>ocht seomra<br>naoi seomra<br>deich seomra |

- Fiafraigh den rang ansin, an bhfeiceann siad patrún ar bith sa tábla sin.
- Lig dóibh a dtuairimí a thabhairt agus ansin mínigh an méid seo dóibh:

© OÉ Má Nuad

nuair a bhíonn tú ag comhaireamh rudaí go gcuirtear séimhiú (más féidir) ar fhocail tar éis 2-6 agus go gcuirtear urú (más féidir) ar fhocail a leanann 7-10.

Cuir ceist orthu ansin, cén fáth nach bhfuil aon urú ar an fhocal *seomra* sa sampla thuas.

- Más gá, cuir i gcuimhne dóibh gur roimh na litreacha *b, c, d, f, g, p, t* agus gutaí amháin a chuirtear urú. Mar shampla, *seacht dteach*.
- Déan cleachtadh ar na habairtí thíos le roinnt de na foghlaimeoirí

Múinteoir: *Cé mhéad seomra atá i do theach?*
Foghlaimeoir: *Trí sheomra.*

- Múin an méid seo a leanas dóibh:

*ceann amháin*
*dhá cheann*
*trí cinn*

- Bíodh roinnt peann agus cuir an cheist seo a leanas orthu roinnt uaireanta chun deis a thabhairt dóibh na freagraí *dhá cheann, trí cinn, ceann amháin* a thabhairt duit.

*Cé mhéad peann atá agam?*

## 4.3 Troscán agus trealamh a ainmniú

***Réamhullmhúchán:***
Déan cóip de **Bhileog 4.3 (A): Troscán agus Trealamh** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

**(A)** Tabhair cóip den bhileog do gach duine agus bain úsáid as na pictiúir chun na focail seo a leanas a mhúineadh:

*tábla/bord*
*cathaoir*
*cathaoireacha*
*sorn*
*cuisneoir*
*leaba*
*teilifíseán*
*prios/cófra*
*tolg*
*leithreas*
*fuinneog*
*doras*

**(B)** Múin na struchtúir seo thíos:

*Tá leaba ann. Tá cuisneoir ann.*
*Níl cathaoir ann. Níl tolg ann.*

**(C)** Múin na habairtí seo leanas dóibh:

sa chistin
sa seomra folctha
sa seomra suite

© OÉ Má Nuad

sa seomra codlata

Cuir ceisteanna mar seo a leanas ar na foghlaimeoirí:

Múinteoir: *Cá mbíonn an sorn?* Foghlaimeoir: *Sa chistin.*
Múinteoir: *Cá mbíonn an teilifíseán?* Foghlaimeoir: *Sa seomra suí nó sa seomra codlata, b'fhéidir.*

**(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint: Bileog 4.3 (D): Cé mhéad seomra atá acu?**

***Réamhullmhúchán:***
- Déan cóip de **Bhileog 4.3 (D): Cé mhéad seomra atá acu?** do gach beirt sa rang agus léigh na treoracha ar bharr na bileoige leo.
- Iarr ar na foghlaimeoirí éisteacht le triúr ar an dlúthdhiosca ag cur síos ar an líon seomraí atá ina dtithe.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht.

**(E) Gníomhaíocht: Caint**
- Roghnaigh duine as an rang chun tús a chur leis an ghníomhaíocht. Iarr ar an duine sin seomra nó ball troscáin a ainmniú.
- Deir an dara duine an seomra/ball troscáin sin agus cuireann sé/sí seomra/ball troscáin eile leis.
- Deir an tríú duine cibé rud atá ráite ag an chéad agus an dara duine (san ord céanna) agus cuireann sé/sí seomra/ball troscáin eile leis. Téann an ghníomhaíocht ar aghaidh mar seo.
- Cuirtear aon duine a dhéanann dearmad den mhéid a dúirt na daoine eile, nó a dhéanann dearmad den ord ceart, as an chluiche.
- Beidh an bua ag an té a n-éiríonn leis/léi leanúint ar aghaidh ag ainmniú na seomraí/mball troscán san ord ceart.

 **(F) Gníomhaíocht: Caint: Mo theach féin.**
- Roinn an rang i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr.
- Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos simplí a scríobh ar a dteach féin. Ba cheart dóibh an t-eolas seo a scríobh:

  Cé mhéad seomra atá ann?
  Cad iad na seomraí atá ann?
  Cuid den troscán atá i ngach seomra.
- Roghnaigh cúpla foghlaimeoir ag deireadh na gníomhaíochta agus éist lena gcur síos agus déan cibé ceartú is gá.

© OÉ Má Nuad

**(G) Gníomhaíocht: Cluastuiscint.**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 4.3(G): Caroline ar an bhfón** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus mínigh dóibh go bhfuil Caroline ag lorg árasáin.
- Léigh agus mínigh na treoracha ag barr na bileoige.
- Anois, iarr ar an rang éisteacht leis an dlúthdhiosca chun go gcloisfidh siad an comhrá idir Caroline agus úinéir an árasáin.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin - iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla an freagra a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar an phictiúr a roghnaíonn sé/sí don fhreagra.

## 4.4 Eolas a lorg agus a thabhairt faoi lóistín

**(A)** Múin an cheist agus na freagraí seo dóibh:

*Cá bhfuil tú ag fanacht*?
*Tá mé ag roinnt tí*
*Tá mé ag roinnt árasáin*
.

**(B)** Scríobh an méid seo ar an chlár:

*Tá mé ag roinnt tí le mo* *+ cara.*
*Tá mé ag roinnt árasáin le mo* *+ deartháir.*

- Cuir ceist ar na foghlaimeoirí cad a tharlaíonn i ndiaidh *mo*.
- Éist lena gcuid freagraí agus ansin mínigh go leanann séimhiú '*mo*' agus '*do*'.
- Iarr orthu smaoineamh ar shamplaí eile a sholáthar. Mar shampla: *mo bhean chéile, mo dheirfiúr, do pháirtí* agus araile.

**(C)** Déan athrá ar na habairtí seo a leanas:

*Tá mé ag roinnt tí* *le cara.*
*Tá mé ag roinnt árasáin* *le m'fhear céile.*

*le mo pháirtí.*
*le mo theaghlach.*
*le duine eile.*
*le beirt eile.*
*le triúr eile.*

**(D)** Fiafraigh den rang cén uair a úsáidtear *beirt*, *triúr* in ionad *dhá* nó *trí* sna samplaí thuas. Déan cinnte go dtuigeann siad go n-úsáidtear na huimhreacha pearsanta chun daoine a chomhaireamh.

© OÉ Má Nuad

**(E) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bileog 4.4 (E): Ag roinnt tí?** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus léigh na treoracha ag barr na bileoige. Déan cinnte go dtuigeann siad nach bhfuil an cainteoir ar an dlúthdhiosca le feiceáil sna léaráidí ar an bhileog.
- Seinn an dlúthdhiosca don rang.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – lig do na foghlaimeoirí na freagraí a thabhairt.


## 4.5 Eolas a lorg agus a thabhairt faoi chíos

**(A)** Múin an cheist seo leanas don rang:

*An bhfuil sé daor/costasach?*

**(B)** Múin na huimhreacha seo a leanas dóibh. Déan cleachtadh orthu ar feadh cúpla nóiméad trí uimhreacha éagsúla a scríobh ar an chlár agus ceist a chur ar fhoghlaimeoirí éagsúla *Cén uimhir í seo?*

| | | |
|---|---|---|
| *céad* | *dhá chéad*<br>*trí chéad*<br>*ceithre chéad*<br>*cúig chéad*<br>*sé chéad* | *seacht gcéad*<br>*ocht gcéad*<br>*naoi gcéad*<br>***míle*** |

**(C) Gníomhaíocht: Cíos an tí: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Déan cóip de **Bhileog 4.5 (C): Cíos an tí** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo gan bacadh leis an rannóg 'Tuairimí' go fóill.

- Iarr orthu na huimhreacha a chloiseann siad an múinteoir a rá a scríobh síos i bhfoirm figiúirí sna spásanna ar an bhileog.
- Abair na figiúirí seo a leanas leis an rang

© OÉ Má Nuad

| | | | |
|---|---|---|---|
| *1.* | *600* | *5.* | *500* |
| *2.* | *250* | *6.* | *800* |
| *3.* | *400* | 7. | 350 |
| *4.* | *300* | *8.* | *450* |

- Abair na huimhreacha uair amháin eile más rud é go raibh deacrachtaí ag na foghlaimeoirí leis an ghníomhaíocht seo.
- Nuair a bheidh sin déanta, iarr ar roinnt foghlaimeoirí na huimhreacha atá scríofa acu a léamh amach.

**(D)** Múin an cheist agus na freagraí samplacha seo dóibh:

*An bhfuil sé daor?*
*Tá sé daor go leor. / Tá sé an-daor.*

- Bíodh an léaráid seo thíos ullmhaithe agat ar thréshoilseán roimh thús an ranga. Déan cleachtadh ar na nathanna éagsúla.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **ródhaor** | **an-daor** | **daor go leor** | **Daor** | **saor** | **saor go leor** | **an-saor** | **róshaor** |

- Mínigh go leanann séimhiú '*ró*' i gcónaí ach amháin má thosaíonn an aidiacht le '*l*, nó *n*, nó *r*'.

**(E) Gníomhaíocht**

- Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint arís ar **Bhileog 4.5 (C): Cíos an tí** agus a dtuairimí a thabhairt faoi na praghsanna a scríobh siad ar an bhileog níos luaithe.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Iarr ar gach foghlaimeoir tuairim a thabhairt faoin chíos a scríobh siad síos ar an bhileog.

## 4.6 Tuairimí a lorg agus a thabhairt faoi theach/lóistín

**(A)** Múin an cheist agus na freagraí thíos.

*An maith leat an áit?*
*Is maith. Tá sé ciúin*
*Tá sé deas (glan)*
*Ta sé ceart go leor*

© OÉ Má Nuad

*An maith leat é?*
*Ní maith. Ní réitím go maith leis na daoine eile.*

## 4.7 Ceist a chur cá bhfuil an leithreas agus an cheist sin a fhreagairt

**(A)** Múin an cheist agus na freagraí seo thíos. Is féidir leat úsáid a bhaint as geáitsíocht le *ar dheis* agus *ar chlé* a mhíniú.

*Cá bhfuil an leithreas le do thoil?*
*Tá sé ansin ar chlé.*
*Tá sé ansin ar dheis.*
*Tá sé ansin an chéad doras ar dheis.*
*Tá sé ansin an dara doras ar chlé.*
*Tá sé thuas staighre an tríú doras ar dheis.*

**(B)** Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar na horduimhreacha (*an chéad, an dara, an tríú*). Ní gá dul níos faide ná sin leis na horduimhreacha ag an phointe seo.


**(C) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**
***Réamhullmhúchán:***
Déan cóip de **Bhileog 4.7 (C): Treoracha** do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***
- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo go gcloisfidh siad ceathrar ag tabhairt treoracha ar an dlúthdhiosca.
- Caithfidh siad éisteacht leis na treoracha sin agus ainmneacha na seomraí a scríobh sna háiteanna cuí ar an bhileog. Cuir an dlúthdhiosca ar siúl cúpla uair más gá.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht.


**(D) Gníomhaíocht: Cluastuiscint**
- Tabhair cóip de **Bhileog 4.7 (D): Fíor nó bréagach?** do gach duine sa rang.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é atá le déanamh. Ansin, léigh na ráitis éagsúla leo lena chinntiú go dtuigeann siad gach rud.
- Abair leo éisteacht leis an dlúthdhiosca anois. Cuir é ar siúl cúpla uair, más gá.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla abairt a léamh amach agus a rá an bhfuil sé fíor nó bréagach.

- D'fhéadfá iarraidh orthu chomh maith na freagraí bréagacha a cheartú.


**(E) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint**

© OÉ Má Nuad

- Tabhair cóip de **Bhileog 4.7 (E): Ríomhphost ó Shorcha,** do gach duine sa rang.
- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna. Iarr orthu gach bearna a líonadh le focal as an chiorcal ag bun na bileoige.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Tabhair abairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla le léamh amach.
- Tá cúpla nath sa ríomhphost nach bhfuil feicthe ag na foghlaimeoirí go dtí seo. Cuir ceist orthu an féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoin bhrí atá leo.



**(F) Gníomhaíocht: Foghraíocht**

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta agus go mbeidh siad ag díriú ar na fuaimeanna '*c*' leathan agus '*c'* caol.

- Scríobh an méid seo a leanas ar an chlár.
    1. cathaoir
    2. cuisneoir
    3. cara
    4. seomra codlata
    5. cúig
    6. ciúin
    7. ceart
    8. cistin
    9. ceann
    10. cinn

- Abair leo go ndéarfaidh tusa na focail thuas ar dtús (nó is féidir leo éisteacht le ***CUID A*** den DD) agus iarr orthu díriú go háirithe ar na fuaimeanna *c* agus tú á rá.
- Iarr orthu ansin na focail agus na fuaimeanna thuas a rá i do dhiaidh.
- Abair leo go seinnfidh tú ***CUID B*** den DD nó abair féin na habairtí.
- Seinn an dlúthdhiosca.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís agus go stopfaidh tú é i ndiaidh gach abairte agus gur mhaith leat iad gach abairt a rá i ndiaidh í a chloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Nuair a bheidh an dlúthdhiosca seinnte agat uair amháin agus athrá déanta acu mar ghrúpa uair amháin, seinn an dlúthdhiosca arís agus an t-am seo, iarr ar fhoghlaimeoirí aonair an abairt a rá a dúradh ar an dlúthdhiosca.
- Éist leo agus déan cibé ceartúchán nó athchleachtadh is gá sula gcuirfidh tú deireadh leis an ghníomhaíocht sin.

© OÉ Má Nuad